C/2024/4038

17.7.2024

P9_TA(2023)0291

An Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Iúil 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an Ghnímh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (COM(2023)0237 – C9-0161/2023 – 2023/0140(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/4038)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0237),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 114 agus d'Airteagal 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic a Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0161/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Meitheamh 2023 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 7 Iúil 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

P9_TC1-COD(2023)0140

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 13 Iúil 2023 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP)

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2023/1525.)

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AR GHLACADH AN RIALACHÁIN MAIDIR LE TACÚ LE TÁIRGEADH ARMLÓIN (ASAP)

Aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a phráinní atá sé cabhrú le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) dlús a chur le táirgeadh i gcomhthéacs na ndúshlán a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine, agus meabhraíonn siad go dtugtar freagairt láithreach leis an Rialachán maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) ar an ngá práinneach sin trí ionstraim shealadach nua a chur ar bun chun infheistíochtaí tionsclaíocha a éascú.

Leagann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle béim ar an ngá atá le breithniú a dhéanamh ar na bearta iomchuí uile chun EDTIB a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus chun bacainní agus scrogaill a bhaint ionas go mbeidh an tionscal in ann níos mó a tháirgeadh feadh na slabhraí luacha.

Dá bhrí sin, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon tionscnaimh bhreise is gá a chur ar aghaidh a luaithe is féidir chun EDTIB a neartú, lena n-áirítear maoiniú leordhóthanach, mar shampla i gcomhthéacs an Chláir Eorpaigh Infheistíochta um Chosaint, chomh maith le creat dlíthiúil atá dírithe ar shlándáil an tsoláthair a áirithiú agus ar thacú le táirgeadh armlón.

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle aon tionscnaimh den sórt sin a scrúdú gan mhoill agus de mheon an chomhair dhílis fhrithpháirtigh.